A sháith d’oighre i n-ionadh Bhriain

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 29]

Maoilín Óg cc

1 A sháith d’oighre i n-ionadh Bhriain
[coimhdhe] san ionadh a n-uair;
do-ní a leas is a leas féin
ní dá gach cléir teas is tuaidh.

2 Aithris mhaith ar Brian do-bheir
gach flaith gá riar nó go raibh;
is le cliaraibh cáin an fhir
gérbh áil libh a hiarraidh air.

3 Mág Shamhradháin re bhfill fóir
rinn gach armagháidh rob [áil];
cá tarbha breith ar na buaibh
buain re cleith n-Annla ó nach áil.

4 Tomás mhac Briain bhronnas sgor
biaidh ar a chomas a chrodh;
ní sgítheach bhfaghla barr Breagh,
cá tarbha seadh ann i n-or ?

5 Craoiseach croinn leabhair n-a láimh
do bhoing tre chneadhaibh i gcriaidh;
druim an fháinne sa gcrann cruaidh
do-chuaidh ó bharr Gháille i ngliaidh.

6 Leomhan conchar ó Chreit Rabh
gleic re chonfadh ro badh cion;
ar ndol tre chairthe ó bharr Bhreagh
do bhean lann dá aithle d’fhior.

7 Gabh an rannso dhó dom dhán,
gan chradh damhsa ní dó as dual;
áirmhid gach maith do bhí ar Brian
gach cliar, a fhlaith Lí, god luadh.

8 A shlógh fhir na n-abhra ndubh,
gé tharla ibh ag ól fhleadh,
is romhaibh budh chóir a chur
[a] ndul [thoraibh] go Bóinn mBreagh.

9 A chath marcaigh Mhoighe Réin
[gan n-a chartaigh] shloighe shluaigh;
créacht nocha dtabhair an tóir

ná róigh éacht n-a aghaidh uaibh.

10 Binn an comhrádh do chan mé
re hó gColmán do ghabh gnaoi:
“Ar glór do shuirghe, a fhlaith Lí,
do bhí cuimhne mhaith ag mnaoi.”

11 Cá hoireacht nar loisg go léir
do choisg a toigheacht dod thóir
ag teacht do ghéig Theamhra i dtír
bídh a meanma [n-a] méid mhóir.

12 Creach a fhaghlaidh ag an fhior
dar fhalmhaigh teach agus tor;
dá dhíon dá éise do an
mar do ghabh gríobh Chéise crodh.

13 Doirbh a leanmhain ar mbreith bhuair
ar mbeith a theaghlaigh re thaoibh;
a n-aghaibh cleath Eine d’fhóir
nach dóigh creach eile ar a aoidh.

14 Lucht foladh nach [dóigh] do dhul
ar a omhan do-chóidh car;
inar thugsad aithne ar barr mBreagh
fear n-a aithle ann nír an.

15 Leathar leis gach breath ma mbia;
cá neach ar nach ceis a clú ?
gidh mór an síoth dó cleith chró,
ro bo mó a dhíoth bheith gan bhú.

16 A throigh í Cholmáin a Cliaigh,
do roghráin i dToigh an Trír;
beag nach creach slighe bhur sluaigh,
ní fhuair a leath tighe i dtír.

17 Fatha a gcagair do-chluin sé,
gach a n-abair a bhfuil faoi;
budh iad do sgéala, a fhlaith Lí,
gach ní maith a-déara an draoi.

18 Glór slóigh re hó gCuinn a Cult:
“Dá dhruim is dóigh [doid] clódh cniocht;
aince an duine do fheall ort
ar dtocht [i gceann uidhe] ar t’iocht.”

19 Glór a bhiodhbhadh re hó mBriain
ar n-a gclódh, gidh [diombladh] dáibh:

“Ní har an arm do bhí buaidh
acht buain, a bhadhbh Lí, red láimh.”

20 Mac meic Dhonnchaidh dreach mar shuibh,
ni toghthair acht breath dá mbeir;
gach fear fial tarla i n-a thigh
[do riar] fhir Bhanbha do-bheir.

21 Nocho lamhair dol n-a dháil,
ní tabhrair crodh acht i gcéin,
ní iompá cleath Eine ón fhóir,
go róigh a chreach reimhe ní réidh.

22 Arm trom do bhuille do bhlagh
don chronn rob uille san fhiodh;
is iad ro fhill ag baidhbh Bhreagh
na hairm do bhean inn ó fhior.

23 Mairg duine ná dearna rioth
re n-ó Meadhbha Muighe Rath;
ní thug dá úidh san uair each,
nír smuain leath a chúil re cath.

24 Mág Shamhradhán ro shaor sgoil
raon tre bhadhthraghádh do-bhir;
bídh neimh ar fadhbhaibh ó bhfuil
[fan] ghuin sin d’armaibh an fhir.

25 Mac Maoile Meadha is maith linn
dan deala [caoine] a raith rinn;
gach conair do chreach ó Cuinn
ní bhuing cleath Chodhail re cill.

26 Ní ghrádhaigh ó Cuinn an cradh
gan bhuing a chrábhaidh [re cion];
nocho tabhair i séad seadh
géag Bhreagh acht dá fhaghail d’fhior.

27 Tomás mhac Briain, barr na lúb,
ní mall acht [ón] ghliaidh an ghéag;
flaith Taoidhean gé do fhóir iad
slóigh Liag [ní maoidhear a mhéad].

28 Craobh dhruimneach ós a dhreich mhín,
a bhruinnleath gá cleith do chlúimh;
taise nó gur chlaon an gcéibh
ní léir re taobh caise an chúil.

29 Lón gach cléire i ngroigheach geal;

oineach í Chréidhe is mór mion;
[gon] tí gar adhair géag Gamh
séad dá rabh aghaidh gon fhior.

30 Airgfidh gach neach ná fuil faoi
n-a theach acht muna thoir sé;
ag feitheamh gach neich fa ní
[a mbí] ag teicheadh re cleith gCé.

31 Mairg as bhiodhbha dá bharr thiugh
[nochan] iomdha a chlann ón chion;
ní mairg dan cara ceann Breagh,
teann do lean a fhala d'fhior.

32 Gach ionbhaidh ro ghabh a ghreim
an cradh dá bhiodhbhaidh gur bhuing;
ó nach é bhus urra inn
ar mhill sé is cuma d'ú Chuinn.

33 Ní meinic bhíos aghadh air
an talamh fa chíos ro chuir;
moltar aisdear each an fhir
ba sir cleath Mhaisdean dá muin.

34 Tomás mhac Briain barr mar chnú
biaidh a chlann ós mhac gach mná;
léim a fhoghla ó rígh ní ria,
go gcongbha Dia a thír mar tá.

35 A sháith do mhnaoi ag oighre an fhir,
a gnaoi nocho coimhdhe chruidh;
an chraobh ní ghéabha fa ghroigh,
éara as-toigh ar aon ní fhuil.

36 Nualaith riamh ní docht re duain
gach cliar ag tocht tar an treoir;
ní reich a diomdha ar a dáimh
gidh iomdha dháibh go gcleith gceoil.

37 Inghean Méig Uidhir ucht nua
n-a bruidhin a lucht re lá;
gidh iomdha flaith im chraoibh gCró
is mó do shaoil maith na mná. A sháith

38 An rannso dhó ar a dhuain féin
feirrde a-chách Tomás mar tá;
iomdha giall n-a thigh ón treas
riar an fhir a leas re lá.